Rewarding Learning

| Uimhir Lárionaid | |
|---|---|
| 71 | |

Uimhir Iarrthóra

General Certificate of Secondary Education
2011–2012

# Eolaíocht: Teastas Singil (Modúlach)

## Ag Fanacht Beo
## Modúl 1

Bonnsraith

**[GSC11]**

GSC11

**DÉ MÁIRT 8 SAMHAIN 2011**
**1.30 pm–2.15 pm**

**AM**

45 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.
Freagair **gach ceann** de na **sé** cheist.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 45 an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| Uimhir Ceiste | Marcanna |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| Marc Iomlán | |

LEATHANACH BÁN

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

1 **(a)** Anseo thíos tá codanna den chóras atáirgthe fhireann agus an fheidhm atá leo.
Bain úsáid as línte le gach cuid a cheangal den fheidhm cheart atá léi.

| **CUID** | **FEIDHM** |
|---|---|
| péineas | cuireann speirm isteach san fhaighin |
| uiríocha | cuireann sreabhán le speirm |
| cadairne | coinníonn speirm fionnuar |
| | déanann speirm |

[3]

**(b)** Sa tábla thíos cuirtear síos ar athruithe a tharlaíonn i mbuachaillí agus i gcailíní le linn caithreachais.

Comhlánaigh an tábla trí thic (✓) a chur sa cholún cheart.

| Athruithe | Buachaillí | Cailíní | Buachaillí agus cailíní |
|---|---|---|---|
| méadú ar airde | | | |
| déantar speirm | | | |
| ubhsceitheadh | | | |
| fásann caithir | | | |
| doimhníonn an guth | | | |
| leathnaíonn na cromáin | | | |

[3]

**(c)** Comhlánaigh an abairt seo thíos.


Roghnaigh ó:

**fireannaigh** **mianra** **hormón** **baineannaigh** **vitimín**

Is _________________ é téististéarón a chuireann tús le hathruithe

fisiceacha i _________________ ag caithreachas. [2]

**2 (a)** Chuir daltaí an fiosrúchán seo thíos i dtreoir lena thaispeáint go mbíonn solas de dhíth le go ndéanfaidh duilleog stáirse.





**(i)** Anseo thíos tá an modh a bhí in úsáid ag na daltaí ach níl na céimeanna san ord ceart.

**A** Tástáil stáirse a dhéanamh ar an duilleog
**B** Stiallacha de pháipéar dubh a chur ar dhá thaobh na duilleoige
**C** An planda a chur faoi sholas geal ar feadh 24 uair an chloig
**D** An planda a chur i gcófra dorcha chun é a dhístáirseáil

Bain úsáid as na litreacha **A**, **B**, **C** agus **D** leis na céimeanna a chur san ord ceart.

_____ _____ _____ _____ [2]

Anseo thíos tá duilleog a bhí in úsáid san fhiosrúchán.
Taispeánann cuid A an áit ar cuir na daltaí an páipéar dubh.




**(ii)** Scáthaigh an áit ar an léaráid thuas nach bhfuil aon stáirse inti. [1]

**(iii)** Ainmnigh an ceimiceán a bhíonn in úsáid le tástáil stáirse a dhéanamh.

Roghnaigh ó:

**uisce** **tuaslagán Benedict** **iaidín**

_______________________________________________ [1]


Scrúdaitheoir Amháin
Marcanna | Athmharc

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(b) (i)** Comhlánaigh an chothromóid focal le haghaidh fótaisintéise.

dé-ocsaíd charbóin + uisce ⟶ siúcra + ____________________ [1]

Taispeánann ceann amháin de na graif seo thíos cad é mar a bhíonn tionchar ag an méid solais ar an ráta fótaisintéise.




**(ii)** Cé acu graf (**A**, **B** nó **C**) atá ceart? Mínigh an freagra.

Graf __________

Míniú ____________________________________________________ [2]

**(iii)** Luaigh dóigh **amháin** a dtiocfadh le garraíodóir méadú ar an méid solais atá ar fáil dá phlandaí trátaí.

____________________________________________________ [1]

Scrúdaitheoir Amháin

| Marcanna | Athmharc |
|---|---|

3 **(a)** Sa tábla thíos taispeántar an méid fuinnimh in aghaidh an lae a bhíonn de dhíth ar dhéagóirí baineanna agus ar dhaoine fásta baineanna.

| **Grúpa** | **Fuinneamh/kCal** |
|---|---|
| duine fásta | 2400 |
| déagóir | 2800 |

**(i)** Ríomh an méid fuinnimh a bhíonn de dhíth ar an déagóir de bhreis ar an méid fuinnimh a bhíonn de dhith ar dhuine fásta.


____________________ kCal [1]

**(ii)** Luaigh dhá chúis a mbíonn níos mó fuinnimh de dhíth ar dhéagóir ná mar a bhíonn de dhíth ar dhuine fásta.

1. ____________________________________________________

2. __________________________________________________ [2]

**(b)** Sa léaráid thíos taispeántar 3 chéim (**A**, **B** agus **C**) atá le déanamh le bia a thástáil le haghaidh saillte.



| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(i)** Ainmnigh an leacht a chuirtear leis an bhia i gcéim **A**.

Roghnaigh ó:

**iaidín    alcól    bainne**

______________________________ [1]

**(ii)** Cad é a bheidh gaistithe sa scagpháipéar i gcéim **B**?

Roghnaigh ó:

**tuaslagán bia : bia leachtach : bia soladach**

______________________________ [1]

**(iii)** Abair go bhfuil saill sa bhia leachtach. Cad é a bheidh le feiceáil san uisce i gcéim **C**, mar sin?

______________________________ [1]

**(c) (i)** Luaigh fáth nach bhféadfaí an tástáil bia seo a úsáid lena fháil amach an bhfuil méid difriúil saille i mbrioscáin bhagúin deataithe ná mar atá i mbrioscáin salainn agus fínéagair.

______________________________ [1]

**(ii)** Luaigh fáth a bhfuil sé tábhachtach go mbeadh a fhios againn cá mhéad saille atá i mbia.

______________________________ [1]

**4** **(a)** Sa tábla thíos, taispeántar an tionchar a bhíonn ag aclaíocht ar chroíráta. Baineann na torthaí seo le Róisín a dhéanann aclaíocht go minic.

| **Am/nóim** | **Croíráta/bsn** |
|---|---|
| 0 | 64 |
| 1 | 100 |
| 2 | 108 |
| 3 | 82 |
| 4 | 76 |
| 5 | 64 |

**(i)** Luaigh dóigh **amháin** ar féidir na torthaí seo a dhéanamh níos iontaofa.


_______________________________________________ [1]

Scrúdaitheoir Amháin

| Marcanna | Athmharc |
|---|---|

| Scrúdaitheoir Amháin | |
| --- | --- |
| Marcanna | Athmharc |

**(ii)** Breac na pointí agus tarraing líneghraf le haghaidh thorthaí Róisín.




[3]

**(iii)** Thosaigh Róisín ag déanamh aclaíochta ar am 0 sa tábla. Bain úsáid as an fhaisnéis lena lua cá huair a stop sí ag déanamh aclaíochta.

_________ nóim [1]

**(iv)** Ríomh am téarnaimh Róisín.

_________ nóim [1]

**(v)** Luaigh cad é mar a d'athródh an t-am téarnaimh i gcás duine nach ndéanann aclaíocht.

_______________________________________________ [1]

**(b)** Luaigh dóigh **amháin** a dtiocfadh leis an Rialtas daoine a spreagadh le níos mó aclaíochta a dhéanamh.

_______________________________________________ [1]

**5 (a)** Sa phictiúr thíos, taispeántar gearrthóga ó phlandaí.



*© Geoff Wakeling*

Sna ráitis seo thíos, tugtar comhairle ar an dóigh le gearrthóga a ghlacadh.

A Roghnaigh gearrthóga ó phlanda folláin.
B Cuir na gearrthóga go gasta isteach i bpota a bhfuil múirín tais ann agus cuir an pota isteach i mála mór séalaithe plaistigh.

**(i)** Luaigh cad chuige a bhfuil sé riachtanach go leanfaí an chomhairle seo i ngach ráiteas.

A ______________________________

______________________________

B ______________________________

______________________________ [2]

**(ii)** Is sampla de chlónáil é glacadh gearrthóg. Ainmnigh an cineál atáirgthe a bhaineann le glacadh gearrthóg.

______________________________ [1]

**(iii)** Luaigh dhá bhuntáiste as plandaí a fhás ó ghearrthóga.

1. ______________________________

2. ______________________________ [2]

**(b)** Luaigh dhá fháth a síleann cuid mhór daoine nach bhfuil clónáil daoine inghlactha.

1. ______________________________

2. ______________________________ [

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**6** Sa tábla thíos, taispeántar torthaí ar an chéad turgnamh cliniciúil taifeadta a rinne James Lind le fiosrúchán a dhéanamh ar leigheasanna le haghaidh scorbaigh.

Rinne sé deichniúr mairnéalach a raibh scorbach orthu a roinnt ina gcúig ghrúpa. Fuair siad uilig an aiste bia chéanna ach bhí rud difriúil de bhreis air seo ag gach grúpa mar a thaispeántar anseo thíos.

| Grúpa | Curtha leis an aiste bia | Éifeacht |
|---|---|---|
| 1 | Ceirtlis úll | Biseach éigin |
| 2 | Aigéad sulfarach | Éifeacht ar bith |
| 3 | Fínéagar | Éifeacht ar bith |
| 4 | Uisce farraige | Éifeacht ar bith |
| 5 | 2 oráiste 1 líomóid | Biseach iomlán |

**(a)** Déan cur síos agus tabhair míniú iomlán ar thorthaí an fhiosrúcháin seo.

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_____________________________________________ [3]

**(b)** **(i)** Ainmnigh an t-imoibriú ceimiceach a tharlaíonn i ngach cill bheo.

_____________________________________________ [1]

**(ii)** Scríobh an chothromóid focal le haghaidh an imoibrithe seo.

[2]

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

Scrúdaitheoir Amháin

| Marcanna | Athmharc |
|---|---|

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.

7366.02